C/2025/2239

9.4.2025

**Reachtanna BTEEO ERIC**

# An Bonneagar Taighde Eorpach um Eolaíocht Oidhreachta

(C/2025/2239)

## Clár Leathanach

*Clár*

BROLLACH ..... 4
CAIBIDIL 1 ..... 4
EILIMINTÍ FÍOR-RIACHTANACHA ..... 4
Airteagal 1 ..... 4
Ainm agus oifig ..... 4
Airteagal 2 ..... 4
Cúraimí agus gníomhaíochtaí ..... 4
Airteagal 3 ..... 5
Fad ama ..... 5
Airteagal 4 ..... 5
Foirceannadh ..... 5
Airteagal 5 ..... 5
Dliteanas agus árachas ..... 5
Airteagal 6 ..... 5
Beartas Rochtana ..... 5
Airteagal 7 ..... 6
Beartas um Meastóireacht Eolaíoch ..... 6
Airteagal 8 ..... 6
Beartas um Scaipeadh ..... 6
Airteagal 9 ..... 6
Beartas um Chearta Maoine Intleachtúla ..... 6
Airteagal 10 ..... 6
Beartas Fostaíochta ..... 6
Airteagal 11 ..... 7
Beartas um sholáthar ..... 7
CAIBIDIL 2 ..... 7
COMHALTAS ..... 7
Airteagal 12 ..... 7
Comhaltas agus an t-eintiteas a bhfuil ionadaíocht á déanamh aige ..... 7
Airteagal 13 ..... 8
Coinníollacha a bhaineann le comhaltas nó cáil breathnóra a bhaint amach ..... 8
Airteagal 14 ..... 8
Tarraingt siar agus foirceannadh comhaltais nó stádais breathnóra ..... 8

CAIBIDIL 3 ..... 9
CEARTA AGUS OIBLEAGÁIDÍ NA gCOMHALTAÍ AGUS NA mBREATHNÓIRÍ ..... 9
Airteagal 15 ..... 9
Comhaltaí ..... 9
Airteagal 16 ..... 10
Breathnóirí agus breathnóirí buana ..... 10
CAIBIDIL 4 ..... 10
RIALACHAS AGUS BAINISTÍOCHT ..... 10
Airteagal 17 ..... 10
Struchtúr rialachais ..... 10
Airteagal 18 ..... 10
An Comhthionól Ginearálta ..... 10
Airteagal 19 ..... 11
An tArd-Stiúrthóir agus an Mol Lárnach ..... 11
Airteagal 20 ..... 12
An Coiste um Nóid Náisiúnta ..... 12
Airteagal 21 ..... 12
An Bord Comhairleach Eolaíoch agus Eitice ..... 12
CAIBIDIL 5 ..... 13
FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA ..... 13
Airteagal 22 ..... 13
Prionsabail bhuiséadacha, cuntais agus iniúchadh ..... 13
Airteagal 23 ..... 13
Díolúintí ó cháin agus ó dhleacht mháil ..... 13
CAIBIDIL 6 ..... 13
FORÁLACHA AIRGEADAIS ..... 13
Airteagal 26 ..... 13
Tuairisciú don Choimisiún Eorpach agus don phobal ..... 13
Airteagal 27 ..... 14
An Dlí is Infheidhme ..... 14
Airteagal 24 ..... 14
Beartas Sonraí ..... 14
Airteagal 25 ..... 14
Teanga Oibre ..... 14
Airteagal 28 ..... 14
Díospóidí ..... 14
Airteagal 29 ..... 15
Nuashonruithe agus infhaighteacht reachtanna ..... 15
IARSCRÍBHINN I – LIOSTA DE CHOMHALTAÍ, DE BHREATHNÓIRÍ BUANA, DE BHREATHNÓIRÍ AGUS DÁ nEINTITIS A bhFUIL IONADAÍOCHT Á DÉANAMH ACU ..... 16
IARSCRÍBHINN II – CÚRSAÍ AIRGEADAIS ..... 17
IARSCRÍBHINN III – SAINMHÍNITHE ..... 18

**Reachtanna BTEEO ERIC**

BROLLACH

Poblacht na Fraince

Poblacht na hIodáile

Ríocht na hÍsiltíre

Ríocht na Spáinne

An Ungáir

Poblacht na Cipire

Poblacht Mhálta

Poblacht na Polainne

Poblacht na Slóivéine

Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann

An Rómáin

Dá ngairtear ‘na comhaltaí’ anseo feasta

DE BHRÍ gur deimhin leis na comhaltaí go bhfreagraíonn an Eolaíocht Oidhreachta do dhúshláin phráinneacha dhomhanda a mbíonn tionchar acu ar eolaíocht agus ar shochaí na hEorpa trí thuiscint níos fearr a fháil ar an oidhreacht agus trína caomhnú ar bhealach níos fearr.

DE BHRÍ gur deimhin leis na comhaltaí go gcuireann an Eolaíocht Oidhreachta le comhtháthú sóisialta agus le folláine saoránach trí staidéir a dhéanamh ar ár stair.

I bhFIANAISE an tionchar a bhíonn ag rannchuidiú na hEolaíochta Oidhreachta le tionscail chultúrtha trí thaighde ar bhainistiú na hoidhreachta agus ar chaomhnú na hoidhreachta.

Á MHEABHRÚ DÓIBH go n-eascraíonn nuálaíochtaí as cleachtas na hEolaíochta Oidhreachta, ar nuálaíochtaí iad ar féidir leo tairbhiú do réimsí agus tionscail eolaíochta eile agus go dtairbhíonn an Eolaíocht Oidhreachta den nuálaíocht i réimsí eile.

I bhFIANAISE acmhainneacht na dteicneolaíochtaí digiteacha chun éascaíocht a dhéanamh do thaighde agus an comhar a éascú.

Á AITHINT DÓIBH gur rud fíor-riachtanach é an comhar chun an malartú eolais agus saineolais a chothú, chun aistriú teicneolaíochta a éascú, agus chun dúbailt infheistíochtaí agus ilroinnt iarrachtaí taighde a sheachaint.

Á AITHINT DÓIBH go mbaineann an Eolaíocht Oidhreachta chomh maith céanna le bailiúcháin staire cultúrtha agus nádúrtha, oidhreacht ailtireachta agus séadchomharthaí agus láithreáin seandálaíochta agus gheolaíocha.

Á AITHINT DÓIBH go mbeidh torthaí den scoth ar chultúr na trasdisciplíneachta, an mhalartaithe agus an chomhair lena ndéantar taighdeoirí ó na heolaíochtaí comhshaoil, ó na healaíona, ó na daonnachtaí agus ó na heolaíochtaí sóisialta agus digiteacha a chomhlachú ar leibhéal comhionann.

AGUS AITHEANTAS Á THABHAIRT d’oidhreacht an iliomad tionscadail taighde Eorpacha agus do ról na n-eagraíochtaí idir-rialtasacha agus na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha maidir le pobal Eorpach Eolaíochta Oidhreachta a struchtúrú.

Á AITHINT DÓIBH a ríthábhachtaí atá rannpháirtíocht agus rannchuidiú an Lárionaid Idirnáisiúnta um Staidéar ar Mhaoin Chultúrtha a Chaomhnú agus a Athchóiriú.

I bhFIANAISE an ghá atá leis an gcomhar sin a chur chun cinn i struchtúr buan a d'fhéadfadh lánpháirtiú agus comhtháthú phobail na hEolaíochta Oidhreachta agus seasamh ceannasach na hEorpa sa réimse sin a neartú.

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

CAIBIDIL 1

## EILIMINTÍ FÍOR-RIACHTANACHA

*Airteagal 1*

### Ainm agus oifig

1. Bunaítear an Bonneagar Taighde Eorpach um Eolaíocht Oidhreachta mar Chuibhreannas don Bhonneagar Taighde Eorpach (ERIC) faoi Rialachán (CE) Uimh. 723/2009 ón gComhairle (1), arna ainmniú agus dá ngairtear 'BTEEO ERIC' anseo feasta.

2. Is bonneagar taighde dáilte é BTEEO ERIC ina bhfuil Nóid Náisiúnta de chuid BTEEO.

3. Tá oifig chláraithe BTEEO ERIC i bhFlórans na hIodáile.

*Airteagal 2*

### Cúraimí agus gníomhaíochtaí

1. Is é príomhchúram BTEEO ERIC an bonneagar taighde a bhunú agus a oibriú agus forbairt straitéiseach agus airgeadais an bhonneagair sin a chomhordú.

2. Agus a phríomhchúram á shaothrú aige agus i gcomhréir le foráil na Reachtanna seo, déanann BTEEO ERIC na gníomhaíochtaí seo a leanas nó comhordaíonn sé iad:

(a) pobal Nód Náisiúnta a chumasú agus a chomhordú, lena n-áirítear nósanna imeachta bainistithe cáilíochta a bhunú do na Nóid Náisiúnta agus do na saoráidí comhpháirtíochta agus faireachán a dhéanamh ar na nósanna imeachta sin;

(b) lárphointe rochtana comhtháite a sholáthar do shaoráidí comhpháirtíochta agus dá n-acmhainní bunaithe ar bharrfheabhas eolaíoch, lena n-áirítear forbairt leanúnach agus rochtain oscailte ar acmhainní eolaíocha ábhartha agus digiteacha;

(c) tacú leis an tuiscint eolaíoch ar an Oidhreacht a chur chun cinn agus ar an gcaoi sin cur lena caomhnú;

(d) an Eolaíocht Oidhreachta a chur chun cinn, agus go háirithe a cur chuige trasdisciplíneach i leith ceisteanna taighde a bhaineann le stair, léirmhíniú, diagnóisiú, léirthuiscint agus caomhnú na hOidhreachta;

(e) cultúr comhair thrasdisciplínigh thrasnáisiúnta a chur chun cinn trí thacú le taighdeoirí saineolas eolaíoch agus teicneolaíoch atá cuimsitheach sárfhorbartha a fhorbairt, lena n-áirítear oiliúint;

(f) nuálaíocht a chothú sa phróiseas eolaíoch taiscéalaíoch, i seirbhísí agus i leibhéil bhainistíochta san Eolaíocht Oidhreachta, agus béim á leagan ar idir-inoibritheacht theicneolaíoch agus ar chóineasú modhanna trí dhea-chleachtas a shainiú.

3. Ina theannta sin, féadfaidh BTEEO ERIC na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh:

(a) soghluaisteacht taighdeoirí agus cineálacha eile Úsáideoirí a éascú;

(b) tionscadail Eorpacha ina gcuirtear spéis san Eolaíocht Oidhreachta agus deiseanna cistiúcháin gaolmhara a shainaithint, agus comhpháirtithe leasmhara a threorú ina n-iarratais;

(c) comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a bhunú le heagraíochtaí Eorpacha agus neamh-Eorpacha eile san Eolaíocht Oidhreachta agus i réimsí gaolmhara;

(d) aon ghníomhaíocht eile is gá a dhéanamh chun a chuid aidhmeanna agus cuspóirí a chomhlíonadh.

4. Saothróidh BTEEO ERIC a ghníomhaíochtaí uile ar bhealach eiticiúil trédhearcach agus seachnóidh sé coinbhleachtaí leasa eagraíochtúla nó pearsanta a d'fhéadfadh a bheith ann.

5. Saothróidh BTEEO ERIC a chuid cúraimí ar bhonn neamheacnamaíoch. Gan dochar do na rialacha is infheidhme maidir leis an státchabhair, féadfaidh BTEEO ERIC gníomhaíochtaí eacnamaíocha teoranta a dhéanamh, ar choinníoll go bhfuil dlúthbhaint acu lena phríomhchúraimí agus nach gcuireann siad tabhairt i gcrích na gcúraimí sin i mbaol. Aon ioncam a ghintear leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin, úsáidfidh BTEEO ERIC é chun a chuid gníomhaíochtaí a fheabhsú agus a neartú.

*Airteagal 3*

**Fad ama**

Beidh BTEEO ERIC ann go ceann tréimhse ama éiginnte.

*Airteagal 4*

**Foirceannadh**

1. Is é an Comhthionól Ginearálta a chinnfidh agus a thionscnóidh foirceannadh BTEEO ERIC i gcomhréir le hAirteagal 18(6) de na Reachtanna seo.

2. Gan moill mhíchuí agus, in aon chás, laistigh de 10 lá tar éis ghlacadh an chinnidh BTEEO ERIC a fhoirceannadh, tabharfaidh BTEEO ERIC fógra don Choimisiún Eorpach faoin gcinneadh.

3. Gan moill mhíchuí tar éis an nós imeachta foirceanta a dhúnadh, agus in aon chás laistigh de 10 lá tar éis an dúnta sin, cuirfidh BTEEO ERIC an méid sin in iúl don Choimisiún.

4. Tiocfaidh deireadh le BTEEO ERIC an lá a fhoilseoidh an Coimisiún Eorpach an fógra iomchuí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 5*

**Dliteanas agus árachas**

1. Beidh BTEEO ERIC faoi dhliteanas i leith a chuid fiach.

2. Níl comhaltaí faoi dhliteanas comhpháirteach i leith fhiacha BTEEO ERIC. Beidh dliteanas airgeadais na gcomhaltaí i leith fhiacha BTEEO ERIC teoranta dá ranníocaíocht bhliantúil ar leith, mar a shonraítear in Iarscríbhinn II.

3. Gheobhaidh BTEEO ERIC árachas iomchuí chun na rioscaí a bhaineann go sonrach lena oibriú a chumhdach.

*Airteagal 6*

**Beartas Rochtana**

1. Soláthróidh BTEEO ERIC rochtain éifeachtach ar an saineolas agus ar na hinniúlachtaí atá ag pobal d'Eolaithe Oidhreachta ó shaoráidí comhpháirtíochta agus ar chóras comhtháite ardán lena n-áirítear bailiúcháin chartlainne de shamplaí agus sonraí fisiceacha, uirlisí digiteacha ar líne agus acmhainní taighde digiteacha, saoráidí seasta ar mórscála agus ar meánscála agus ionstraimíocht mhóibíleach le haghaidh tomhais neamhionracha agus imscrúdú ar shócmhainní oidhreachta cultúrtha lena n-áirítear, ach gan bheith teoranta do, réada agus láithreáin.

2. Deonófar rochtain d'Úsáideoirí a dhéanann taighde ar an Eolaíocht Oidhreachta, bunaithe ar bharrfheabhas eolaíoch. I gcásanna speisialta, féadfar rochtain a sholáthar freisin d'Úsáideoirí a dhéanann Taighde Dílseánaigh ar an Eolaíocht Oidhreachta mar a shonraítear iad sa rialachán maidir le beartas rochtana BTEEO ERIC.

3. Beidh beartas rochtana BTEEO ERIC ina ábhar do dhoiciméad rialála sonrach, agus prionsabail na Cairte Eorpaí um Rochtain ar Bhonneagair Thaighde á gcur san áireamh agus faoi réir fhormheas an Chomhthionóil Ghinearálta.

*Airteagal 7*

**Beartas um Meastóireacht Eolaíoch**

1. Déanfaidh an Bord Comhairleach Eolaíoch agus Eitice meastóireacht bhliantúil ar ghníomhaíochtaí eolaíocha, teicniúla agus ginearálta BTEEO ERIC agus ar na gníomhaíochtaí a dhéantar faoi lipéad BTEEO ERIC. Is i bhfoirm tuarascála a bheidh an mheastóireacht sin agus déanfar í a tharchur chuig an gComhthionól Ginearálta.

2. Tabharfaidh an Coiste um Nóid Náisiúnta cúnamh don Bhord Comhairleach Eolaíoch agus Eitice i ndéanamh na meastóireachta eolaíche tríd an bhfaisnéis uile is gá a sholáthar faoi ghníomhaíochtaí eolaíocha na Nód Náisiúnta, agus riachtanais rochtana BTEEO ERIC, na caighdeáin cháilíochta seirbhíse agus na nósanna imeachta meastóireachta arna mbunú ag BTEEO ERIC á gcur san áireamh.

3. Beidh caighdeáin cháilíochta seirbhíse agus nósanna imeachta meastóireachta BTEEO ERIC faoi réir doiciméad rialála sonrach, a bheidh le formheas ag an gComhthionól Ginearálta.

*Airteagal 8*

**Beartas um Scaipeadh**

1. Ceanglóidh BTEEO ERIC ar a chuid Úsáideoirí rochtain oscailte ar thorthaí agus ar fhoilseacháin an taighde a áirithiú agus spreagfaidh sé iad lena gcuid sonraí a chur ar fáil i stór BTEEO agus i stórtha eile ar choinníoll go gcomhlíonann siad na prionsabail Inaimsithe, Inrochtana, Idir-Inoibritheacha agus In-Athúsáidte agus go ndéantar é laistigh de thréimhse réasúnta.

2. Bainfidh BTEEO ERIC úsáid as na bealaí is fairsinge dá spriocphobail mheáin, lena n-áirítear suíomh gréasáin, nuachtlitir, na meáin shóisialta agus líonraí gairmiúla digiteacha eile, cumarsáid i gcomhdhálacha, i dtaispeántais, in ailt, i dtuarascálacha agus i gcláir faisnéise sna meáin chlóite, sna meáin chraolta agus sna meáin ar líne.

3. Ceanglóidh BTEEO ERIC ar a Úsáideoirí úsáid BTEEO ERIC a aithint.

*Airteagal 9*

**Beartas um Chearta Maoine Intleachtúla**

1. Ciallóidh 'maoin intleachtúil' maoin mar a shainmhínítear in Airteagal 2 den Choinbhinsiún lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil, arna dhéanamh i Stócólm an 14 Iúil 1967.

2. Sonraí a tháirgtear nó a fhorbraítear faoi lipéad BTEEO ERIC, chomh maith le cearta maoine intleachtúla a ghabhann leis, beidh siad faoi úinéireacht an eintitis nó an duine a ghin iad.

3. Maidir le húsáid sonraí a eascróidh as taighde a dhéanfar faoi lipéad BTEEO ERIC, deonóidh úinéir na sonraí do BTEEO ERIC agus don phobal eolaíochta í, i gcomhréir leis na coinníollacha arna sainiú ag an gComhthionól Ginearálta i mBeartas Bainistíochta Sonraí BTEEO.

*Airteagal 10*

**Beartas Fostaíochta**

1. Beidh BTEEO ERIC ina fhostóir comhionannais deiseanna. Beidh na coinníollacha maidir le rochtain ar fhostaíocht trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Déanfar ceapacháin bunaithe ar phróiseas roghnúcháin iomaíoch.

2. Áiritheoidh BTEEO ERIC nach mbeidh a fhoireann claonta mar gheall ar a leasanna airgeadais, conarthacha, eagraíochtúla nó eile a bhaineann lena gcuid oibre, agus nach bhfaighidh siad aon bhuntáiste iomaíoch éagórach ar pháirtithe eile de bhua a gcuid oibre a dhéanamh.

3. Is le dlí na tíre ina bhfuil an fhoireann fostaithe a rialófar conarthaí fostaíochta.

4. Fógróidh BTEEO ERIC a phoist agus a fholúntais oscailte go hidirnáisiúnta.

5. Bunóidh an tArd-Stiúrthóir rialacháin agus rialacha chun na gnéithe uile den fhostaíocht ag an Mol Lárnach a rialú, ar rialacháin agus rialacha iad lena ráthófar leas na foirne, comhlíontacht leis an dlí áitiúil, agus lena rathófar go bhfreastalófar ar riachtanais na heagraíochta. Glacfaidh an Comhthionól Ginearálta na rialacha agus na rialacháin sin.

*Airteagal 11*

**Beartas um sholáthar**

1. Le beartas um sholáthar BTEEO ERIC urramófar prionsabail na trédhearcachta, an neamh-idirdhealaithe agus na hiomaíochta.

2. Leagfar amach rialacha mionsonraithe maidir le nósanna imeachta soláthair agus critéir sholáthair sna rialacha nós imeachta agus glacfaidh an Comhthionól Ginearálta iad.

CAIBIDIL 2

**COMHALTAS**

*Airteagal 12*

**Comhaltas agus an t-eintiteas a bhfuil ionadaíocht á déanamh aige**

1. Féadfaidh na heintitis seo a leanas a bheith ina gcomhaltaí nó ina mbreathnóirí de chuid BTEEO ERIC:

(a) Ballstáit an Aontais Eorpaigh;

(b) tíortha comhlachaithe mar a shainmhínítear in Airteagal 2(c) de Rialachán (CE) Uimh. 723/2009;

(c) tríú tíortha, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(b) de Rialachán (CE) Uimh. 723/2009, seachas tíortha comhlachaithe;

(d) eagraíochtaí idir-rialtasacha.

2. Leagtar amach in Airteagal 13 na coinníollacha a bhaineann le comhaltas nó cáil breathnóra a bhaint amach.

3. Beidh ar a laghad Ballstát amháin agus dhá thír eile, ar Ballstáit nó tíortha comhlachaithe iad, ina gcomhaltaí de chuid BTEEO ERIC.

4. Is go comhpháirteach a bheidh tromlach na gceart vótála sa Chomhthionól Ginearálta ag na Ballstáit nó ag na tíortha comhlachaithe. Cinnfidh an Comhthionól Ginearálta aon mhodhnú ar chearta vótála is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh BTEEO ERIC an ceanglas sin i gcónaí.

5. Féadfaidh eintiteas poiblí amháin nó eintiteas príobháideach amháin, nó níos mó ná sin, ag a bhfuil misean seirbhíse poiblí, ionadaíocht a dhéanamh d'aon chomhalta nó d'aon bhreathnóir dá dtagraítear i mír 1(a) go (c), ar comhalta nó breathnóir é a roghnóidh an t-eintiteas as féin agus a cheapfar i gcomhréir lena rialacha agus a nósanna imeachta féin. Déanann na heagraíochtaí idir-rialtasacha dá dtagraítear i mír 1(d) ionadaíocht orthu féin.

6. Cuirfidh gach comhalta nó gach breathnóir an Comhthionól Ginearálta ar an eolas faoi aon athrú ar a eintitis a bhfuil ionadaíocht á déanamh acu, ar na cearta agus na hoibleagáidí sonracha a tarmligeadh chuige nó ar aon athrú ábhartha eile.

7. Liostaítear in Iarscríbhinn I comhaltaí agus breathnóirí BTEEO ERIC, lena n-áirítear breathnóirí buana mar a shonraítear in Airteagal 13(5), mar aon lena n-eintitis a bhfuil ionadaíocht á déanamh acu. Coinneoidh an tArd-Stiúrthóir Iarscríbhinn I cothrom le dáta.

*Airteagal 13*

**Coinníollacha a bhaineann le comhaltas nó cáil breathnóra a bhaint amach**

1. Eintitis dá dtagraítear in Airteagal 12(1) atá toilteanach a bheith ina gcomhaltaí de BTEEO ERIC, cuirfidh siad iarratas i scríbhinn faoi bhráid Chathaoirleach an Chomhthionóil Ghinearálta. Tabharfar tuairisc san iarratas sin ar an gcaoi a rannchuideoidh an t-eintiteas le cuspóirí agus gníomhaíochtaí BTEEO ERIC a thuairiscítear in Airteagal 2 agus ar an gcaoi a gcomhlíonfaidh sé na hoibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 15.

2. Beidh glacadh isteach na n-eintiteas mar chomhaltaí nua faoi réir fhormheas an Chomhthionóil Ghinearálta, de réir na rialacha vótála a dtugtar tuairisc orthu in Airteagal 18(6)(c) agus aird chuí á tabhairt ar an gcomhairle ón mBord Comhairleach Eolaíoch agus Eitice.

3. Eintitis dá dtagraítear in Airteagal 12(1) atá toilteanach a bheith rannpháirteach in BTEEO ERIC, ach nach bhfuil in ann a bheith ina gcomhaltaí go fóill, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar stádas breathnóra. Cuirfidh na heintitis sin iarratas i scríbhinn faoi bhráid Chathaoirleach an Chomhthionóil Ghinearálta. Tabharfar tuairisc san iarratas sin ar an gcaoi a rannchuideoidh an t-iarratasóir le cuspóirí agus gníomhaíochtaí BTEEO ERIC a thuairiscítear in Airteagal 2 agus ar an gcaoi a gcomhlíonfaidh sé na hoibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 16. Ligfear na heintitis sin isteach mar bhreathnóirí ar feadh 3 bliana. Féadfaidh breathnóirí iarratas a dhéanamh uair amháin ar shíneadh a chur lena stádas breathnóra ar feadh na tréimhse céanna.

4. Beidh glacadh nó athghlacadh isteach breathnóirí faoi réir fhormheas an Chomhthionóil Ghinearálta, de réir na rialacha vótála a dtugtar tuairisc orthu in Airteagal 18(6)(c) agus an chomhairle ón mBord Comhairleach Eolaíoch agus Eitice á leanúint.

5. Maidir le breathnóir a measann go mbeidh rannpháirtíocht mharthanach aige ach nach bhfuil in ann a bheith ina chomhalta, féadfar, i gcásanna eisceachtúla, stádas breathnóra bhuain a dheonú dó ar bhonn fhormheas an Chomhthionóil Ghinearálta, i gcomhréir leis na rialacha vótála a dtugtar tuairisc orthu in Airteagal 18(6).

6. Comhaltaí nó breathnóirí nua, lena n-áirítear breathnóirí buana, a ghlacadh isteach in BTEEO ERIC laistigh de thréimhse 18 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún lena mbunaítear BTEEO ERIC, déanfar iad a chomhshamhlú le hEintitis Bhunaidh.

*Airteagal 14*

**Tarraingt siar agus foirceannadh comhaltais nó stádais breathnóra**

1. Ní fhéadfaidh aon chomhalta ná aon bhreathnóir buan tarraingt siar ó BTEEO ERIC laistigh de na chéad 5 bliana dá bhunú. Tar éis an phointe sin, féadfaidh comhalta nó breathnóir buan tarraingt siar ag deireadh bliana airgeadais, tar éis dó iarraidh roimh ré a chur chuig an gComhthionól Ginearálta 12 mhí roimh an tarraingt siar.

2. Féadfaidh breathnóirí, gan breathnóirí buana a chur san áireamh, tarraingt siar ag deireadh bliana airgeadais, tar éis iarraidh a chur faoi bhráid an Chomhthionóil Ghinearálta 6 mhí roimh an tarraingt siar.

3. Comhlíonfaidh comhaltaí agus breathnóirí oibleagáidí airgeadais agus oibleagáidí eile sular féidir a n-aistarraingt teacht in éifeacht.

4. Féadfaidh an Comhthionól Ginearálta comhaltas nó stádas breathnóra a fhoirceannadh má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) rinne an comhalta nó an breathnóir sárú tromchúiseach ar cheann amháin nó níos mó dá oibleagáidí faoi na Reachtanna seo;

(b) níor éirigh leis an gcomhalta nó leis an mbreathnóir an sárú sin a leigheas laistigh de 6 mhí tar éis dó fógra i scríbhinn a fháil faoin sárú. Beidh sé de cheart ag an gcomhalta nó ag an mbreathnóir dá dtagraítear i mír 4 a sheasamh a mhíniú don Chomhthionól Ginearálta sula ndéanfaidh an Comhthionól Ginearálta aon chinneadh maidir leis an tsaincheist.

5. Saineoidh an Comhthionól Ginearálta sna rialacha nós imeachta cad is sárú tromchúiseach ar oibleagáid ann.

6. D'ainneoin Airteagal 14(1), 14(2) agus 14(3), féadfaidh comhaltaí agus breathnóirí, ar tíortha comhlachaithe, tríú tíortha seachas tíortha comhlachaithe, nó eagraíochtaí idir-rialtasacha iad, tarraingt siar as BTEEO ERIC tar éis athruithe ar Rialachán (CE) Uimh. 723/2009 ón gComhairle a dhéanfadh difear ábhartha dá gcearta agus dá n-oibleagáidí i ndáil le BTEEO ERIC.

Meastar go bhfuil athruithe den sórt sin ábhartha i gcás ina dtugann siad le tuiscint go mbeidh táillí méadaithe ann (lena n-áirítear ranníocaíochtaí bliantúla nó costais um dhíchoimisiúnú), i gcás ina leasaíonn siad scaireanna le ceart vótála, i gcás ina bhforchuireann siad ceanglais atá contrártha do na dlíthe is infheidhme de réir Airteagal 27 de na Reachtanna seo, i gcás ina gcuireann siad deireadh leis an gceart go ndéanfaí ionadaíocht orthu sa Chomhthionól Ginearálta nó i gcoistí eile nó i gcás ina n-athraíonn siad a gcearta a bhaineann le hionadaíocht nó le húsáid an bhonneagair.

Cinnfear na coinníollacha agus na héifeachtaí a bhaineann le tarraingt siar ó BTEEO ERIC, i gcomhréir leis an Airteagal seo. An comhalta nó an breathnóir dá ndéantar difear, tabharfaidh sé fógra don Chomhthionól Ginearálta laistigh de 6 mhí ón athrú ábhartha ar Rialacháin maidir le ERIC AE, ina sonrófar an dáta a ghabhfaidh éifeacht leis an tarraingt siar sin.

CAIBIDIL 3

## CEARTA AGUS OIBLEAGÁIDÍ NA gCOMHALTAÍ AGUS NA mBREATHNÓIRÍ

*Airteagal 15*

### Comhaltaí

1. Áireofar i gcearta gach breathnóra an méid seo a leanas:

(a) an ceart chun freastal ar an gComhthionól Ginearálta agus vóta amháin aige;

(b) an ceart a bheith ag a saoráidí comhpháirtíochta atá cleamhnaithe lena Nód Náisiúnta an lipéad 'BTEEO ERIC' a úsáid dá gcuid gníomhaíochtaí, lena n-áirítear é a úsáid le haghaidh comhdhálacha agus imeachtaí agus oiliúna;

(c) an ceart a bheith ag a saoráidí comhpháirtíochta atá cleamhnaithe lena Nód Náisiúnta a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí eolaíocha Eorpacha agus idirnáisiúnta trí BTEEO ERIC;

(d) an ceart a bheith ag a phobal taighde a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí BTEEO ERIC.

2. Déanfaidh gach Comhalta an méid seo a leanas:

(a) Nód Náisiúnta BTEEO ERIC a bhunú agus comhtháthú a phobail Eolaíochta Oidhreachta a chur chun cinn faoina chomhordú;

(b) ionadaithe a cheapadh i gcomhréir le hAirteagal 18(2);

(c) Comhordaitheoir Náisiúnta a cheapadh i gcomhréir le hAirteagal 20(2);

(d) ranníocaíocht airgeadais in airgead tirim a dhéanamh le BTEEO ERIC, i gcomhréir le hIarscríbhinn II;

(e) ranníocaíochtaí comhchineáil a sholáthar, lena n-áirítear rochtain ar bhonneagair eolaíochta i gcomhréir le hAirteagal 6;

(f) catalóg a dhréachtú de sheirbhísí a ndéanann na saoráidí comhpháirtíochta atá cleamhnaithe lena Nód Náisiúnta a sholáthar laistigh de BTEEO ERIC le haghaidh an phobail agus an chatalóg sin a choinneáil uileghabhálach agus cothrom le dáta;

(g) glacadh caighdeán ábhartha ina líonra a chur chun cinn, i gcomhréir le beartas cáilíochta BTEEO ERIC;

(h) glacadh seirbhísí a chur chun cinn i measc taighdeoirí sa tír is comhalta, agus aiseolas agus riachtanais Úsáideoirí a bhailiú.

3. Féadfaidh eagraíochtaí idir-rialtasacha a iarraidh go mbeidh siad díolmhaithe ó roinnt oibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 15(2). Liostófar na díolúintí sin agus tabharfar údar leo san iarratas a dtugtar tuairisc air in Airteagal 13 agus formheasfar iad mar chuid den ghlacadh isteach mar chomhalta a dhéanfadh an Comhthionól Ginearálta maidir le heagraíocht idir-rialtasach de réir na rialacha vótála a dtugtar tuairisc orthu in Airteagal 18(6).

*Airteagal 16*

**Breathnóirí agus breathnóirí buana**

1. Áireofar ar chearta na mbreathnóirí an méid seo a leanas:

(a) an ceart chun freastal ar an gComhthionól Ginearálta gan vóta;

(b) an ceart a bheith ag a phobal taighde a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí arna bhformheas ag an gComhthionól Ginearálta.

2. Déanfaidh gach breathnóir an méid seo a leanas:

(a) ionadaithe a cheapadh i gcomhréir le hAirteagal 18(2);

(b) ranníocaíocht airgeadais in airgead tirim a dhéanamh le BTEEO ERIC i gcomhréir le hIarscríbhinn II;

(c) glacadh caighdeán ábhartha ina líonra a chur chun cinn, i gcomhréir le beartas cáilíochta BTEEO ERIC;

(d) féachaint le bheith ina chomhalta de BTEEO ERIC.

3. Féadfaidh eagraíochtaí idir-rialtasacha a iarraidh go mbeidh siad díolmhaithe ó roinnt oibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 16(2). Liostófar na díolúintí sin agus tabharfar údar leo san iarratas a dtugtar tuairisc air in Airteagal 13 agus formheasfar iad mar chuid den ghlacadh isteach mar chomhalta a dhéanfadh an Comhthionól Ginearálta maidir le heagraíocht idir-rialtasach de réir na rialacha vótála a dtugtar tuairisc orthu in Airteagal 18(6).

4. Beidh na cearta agus na hoibleagáidí céanna ag breathnóirí buana agus atá ag comhaltaí dá bhforáiltear in Airteagal 15, cé is moite den cheart vótála ag an gComhthionól Ginearálta.

CAIBIDIL 4

**RIALACHAS AGUS BAINISTÍOCHT**

*Airteagal 17*

**Struchtúr rialachais**

Is éard a bheidh i struchtúr rialachais BTEEO ERIC:

(a) an Comhthionól Ginearálta;

(b) an tArd-Stiúrthóir, le cúnamh ón Mol Lárnach;

(c) an Coiste um Nóid Náisiúnta;

(d) an Bord Comhairleach Eolaíoch agus Eitice.

*Airteagal 18*

**An Comhthionól Ginearálta**

1. Is é a bheidh sa Chomhthionól Ginearálta bord rialaithe BTEEO ERIC agus is iad ionadaithe na gcomhaltaí agus na mbreathnóirí a bheidh ann.

2. Beidh vóta amháin ag gach comhalta agus ainmneoidh sé suas le beirt ionadaithe. Ní bheidh aon vóta ag breathnóirí agus ainmneoidh siad suas le beirt ionadaithe. Féadfaidh suas le beirt saineolaithe cúnamh a thabhairt d'ionadaithe comhaltaí agus breathnóirí araon.

3. Tiocfaidh an Comhthionól Ginearálta le chéile uair amháin sa bhliain ar a laghad agus beidh sé freagrach as treo foriomlán agus maoirseacht fhoriomlán BTEEO ERIC.

4. Maidir leis na míreanna uile, déanfaidh an Comhthionól Ginearálta a dhícheall teacht ar chomhdhearcadh. Mura féidir teacht ar chomhdhearcadh, déanfaidh an Comhthionól Ginearálta cinneadh faoi na saincheisteanna i gcomhréir leis an gcóras vótála mar a shainítear i míreanna 5 go 7.

5. Beidh aontoilíocht na vótaí arna gcaitheamh ag na comhaltaí ag teastáil le haghaidh an chinnidh seo a leanas:

(a) ranníocaíocht bhliantúil na gcomhaltaí agus na mbreathnóirí a shocrú agus a athrú;

(b) Reachtanna BTEEO ERIC a leasú.

6. Beidh tromlach dhá thrian de na vótaí arna gcaitheamh ag teastáil le haghaidh na gcinntí seo a leanas:

(a) an tArd-Stiúrthóir agus na hIonadaithe a cheapadh, a athnuachan, a chur ar fionraí nó a dhífhostú;

(b) comhaltaí den Bhord Comhairleach Eolaíoch agus Eitice agus d'aon chomhlacht comhairleach breise, nach rialaítear leis na Reachtanna seo, a cheapadh, a athnuachan, a chur ar fionraí nó a dhífhostú;

(c) comhlachtaí rialachais nó bainistíochta nach liostaítear in Airteagal 17 a chruthú nó a dhíscaoileadh;

(d) glacadh isteach comhaltaí agus breathnóirí nua a fhormheas, stádas breathnóra bhuain a dheonú, agus comhaltas nó stádas breathnóra a fhoirceannadh;

(e) an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí a fhormheas;

(f) an straitéis eolaíoch a fhormheas;

(g) BTEEO ERIC a fhoirceannadh;

(h) cinntí buiséadacha agus airgeadais a fhormheas, lena n-áirítear an buiséad bliantúil, an creat le haghaidh ranníocaíochtaí comhchineáil, an plean gníomhaíochta 5 bliana agus an plean airgeadais, tuarastal an Stiúrthóra, agus aon ábhar eile a bhaineann le hathrú ar shamhail ghnó nó ar bheartas airgeadais.

7. Aon ábhar eile nach sainítear gur gá tromlach dhá thrian nó aontoilíocht ina leith, cinnfear é le tromlach simplí de na vótaí arna gcaitheamh.

8. Toghfaidh an Comhthionól Ginearálta Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach as measc ionadaithe na gcomhaltaí le tromlach simplí de na vótaí arna gcaitheamh. Toghfar an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach ar feadh tréimhse 2 bhliain, ar téarma é is féidir a athnuachan uair amháin. Is é an Cathaoirleach a thionólfaidh cruinnithe an Chomhthionóil Ghinearálta. Ní bheidh aon cheart vótála breise ag an gCathaoirleach ná ag an Leas-Chathaoirleach.

9. Féadfaidh leath de na comhaltaí ar a laghad cruinniú urghnách den Chomhthionól Ginearálta a iarraidh.

10. Beidh córam dhá thrian de na comhaltaí ag teastáil chun cruinniú bailí den Chomhthionól Ginearálta a bheith ann. Mura mbainfear an córam amach, tionólfar cruinniú eile a luaithe is féidir tar éis cuireadh nua a scaipeadh, agus beidh an clár oibre céanna ann. Sa dara cruinniú, measfar go mbeidh an córam comhlíonta má bhíonn leath de na comhaltaí i láthair.

11. Glacfaidh an Comhthionól Ginearálta rialacha maidir le cianláithreacht agus ionadaithe malartacha sna rialacha nós imeachta.

*Airteagal 19*

**An tArd-Stiúrthóir agus an Mol Lárnach**

1. Ceapfaidh an Comhthionól Ginearálta Ard-Stiúrthóir BTEEO ERIC i gcomhréir le hAirteagal 18(6) agus nós imeachta um earcaíocht arna ghlacadh ag an gComhthionól Ginearálta. Suas le 5 bliana a bheidh i dtéarma an Ard-Stiúrthóra, ar téarma é is féidir a athnuachan uair amháin.

2. Is é an tArd-Stiúrthóir ionadaí dlíthiúil BTEEO ERIC.

3. Leagfaidh an tArd-Stiúrthóir amach plean straitéiseach BTEEO ERIC a bheidh le formheas ag an gComhthionól Ginearálta, i gcomhar leis an gCoiste um Nóid Náisiúnta.

4. Beidh an tArd-Stiúrthóir freagrach as na cinntí arna nglacadh ag an gComhthionól Ginearálta a chur chun feidhme.

5. Beidh an tArd-Stiúrthóir freagrach as an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí a chur faoi bhráid an Chomhthionóil Ghinearálta. Dréachtófar an tuarascáil agus gníomhaíochtaí an Choiste um Nóid agus an Bhoird Chomhairligh Eolaíoch agus Eitice á mbreithniú.

6. Féadfaidh an tArd-Stiúrthóir a iarraidh go mbeidh Ionadaí amháin nó níos mó i láthair ag an gComhthionól Ginearálta.

7. Beidh an tArd-Stiúrthóir freagrach as bainistiú Mhol Lárnach BTEEO ERIC. Tabharfaidh an Mol Lárnach cúnamh don Ard-Stiúrthóir agus do na comhlachtaí eile a luaitear in Airteagal 17.

8. Bunófar liosta gníomhaíochtaí an Mhoil Lárnaigh ar Airteagail 2 agus 27 le haghaidh na gceanglas dlí is infheidhme maidir le hoibriú ERIC. Beidh na gníomhaíochtaí sin ina mbonn faoi oibriú éifeachtúil comhordaithe an bhonneagair dháilte.

9. Leanfaidh an tArd-Stiúrthóir agus an Mol Lárnach de bheith neamhchlaonta agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu.

*Airteagal 20*

**An Coiste um Nóid Náisiúnta**

1. Is éard atá i gcomhlacht eolaíoch BTEEO ERIC an Coiste um Nóid Náisiúnta agus is iad Comhordaitheoirí gach Nóid Náisiúnta a bheidh ann.

2. Ceapfaidh gach tír Comhordaitheoir Náisiúnta amháin de réir a rialacha féin, ar comhordaitheoir é a dhéanfaidh ionadaíocht ar na heintitis uile a bhfuil baint acu leis an Nód Náisiúnta.

3. Beidh sé de chúram ar an gCoiste um Nóid Náisiúnta an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) comhsheasmhacht, comhleanúnachas agus cobhsaíocht ghníomhaíochtaí na Nód Náisiúnta a áirithiú;

(b) maoirseacht agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar chomhordú bheartais BTEEO ERIC sa líonra;

(c) ionadaíocht éifeachtúil a dhéanamh ar phobail na nÚsáideoirí, trína gcuid moltaí, riachtanas agus ábhar imní a chomhiomlánú ar leibhéal BTEEO ERIC;

(d) moltaí a dhéanamh chun feabhas a chur ar bhonneagair, ar nósanna imeachta agus ar chleachtais na Nód Náisiúnta chun neamhréireachtaí cáilíochta nó éifeachtúlachta idir saoráidí chomhaltaí BTEEO ERIC a sheachaint;

(e) rannchuidiú le straitéis eolaíoch BTEEO ERIC;

(f) raon sheirbhísí BTEEO ERIC a ullmhú go bliantúil;

(g) cineál agus luach na ranníocaíochtaí comhchineáil náisiúnta a thuairisciú agus a chur in iúl don Ard-Stiúrthóir;

(h) tuairisciú don Chomhthionól Ginearálta trí bhíthin na tuarascála chuig an Ard-Stiúrthóir.

4. Leagfaidh an Coiste um Nóid Náisiúnta amach a rialacha nós imeachta féin a bheidh le formheas ag an gComhthionól Ginearálta.

5. Beidh eagraíochtaí idir-rialtasacha a sholáthraíonn rochtain rannpháirteach sa Choiste um Nóid Náisiúnta.

*Airteagal 21*

**An Bord Comhairleach Eolaíoch agus Eitice**

1. Cuirfidh an Bord Comhairleach Eolaíoch agus Eitice comhairle ar fáil don Chomhthionól Ginearálta, arna iarraidh sin nó ar a thionscnamh féin, maidir le gníomhaíochtaí agus beartais fhoriomlána BTEEO ERIC.

2. Cuirfidh an Bord Comhairleach Eolaíoch agus Eitice comhairle ar fáil maidir leis an Straitéis Eolaíoch atá le glacadh ag an gComhthionól Ginearálta.

3. Déanfaidh an Bord Comhairleach Eolaíoch agus Eitice meastóireacht bhliantúil ar ghníomhaíochtaí eolaíocha, teicniúla agus ginearálta BTEEO ERIC agus ar ghníomhaíochtaí faoi lipéad BTEEO ERIC de réir Airteagal 7(1).

4. Ceapann an Comhthionól Ginearálta comhaltaí an Bhoird Chomhairligh Eolaíoch agus Eitice i gcomhréir le hAirteagal 18(6) ar feadh téarma 3 bliana, ar téarma é is féidir a athnuachan uair amháin. Cinnfidh an Comhthionól Ginearálta líon a chomhaltaí.

5. Beidh saineolaithe oirirce agus páirtithe leasmhara ó na disciplíní éagsúla a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an Eolaíocht Oidhreachta ar an mBord Comhairleach Eolaíoch agus Eitice. Seachnóidh comhaltaí den Bhord Comhairleach Eolaíoch agus Eitice coinbhleachtaí leasa eagraíochtúla nó pearsanta a d'fhéadfadh a bheith ann.

6. Toghfar Cathaoirleach an Bhoird Chomhairligh Eolaíoch agus Eitice as measc a chomhaltaí. Glacfaidh an Comhthionól Ginearálta rialacha nós imeachta agus comhdhéanamh an Bhoird Chomhairligh Eolaíoch agus Eitice.

CAIBIDIL 5

## FORÁLACHA AIRGEADAIS

*Airteagal 22*

### Prionsabail bhuiséadacha, cuntais agus iniúchadh

1. Tosóidh bliain airgeadais BTEEO ERIC an 1 Eanáir agus críochnóidh sí an 31 Nollaig gach bliain.

2. Beidh tuarascáil ar bhainistiú buiséadach agus airgeadais na bliana airgeadais ag gabháil le cuntais BTEEO ERIC.

3. Beidh BTEEO ERIC faoi réir cheanglais dhlí na tíre ina bhfuil a oifig chláraithe a mhéid a bhaineann le cuntais a ullmhú, a chomhdú, a iniúchadh agus a fhoilsiú.

*Airteagal 23*

### Díolúintí ó cháin agus ó dhleacht mháil

1. Díolúintí CBL a bhunaítear ar Airteagal 143(1)(g) agus ar Airteagal 151(1)(b) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle agus i gcomhréir le hAirteagail 50 agus 51 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 ón gComhairle; cuirfear i bhfeidhm iad ar cheannacháin earraí agus seirbhísí a dhéanfaidh BTEEO ERIC atá le húsáid go hoifigiúil agus go heisiach ag BTEEO ERIC, ar choinníoll go ndéanfar ceannachán den sórt sin le haghaidh ghníomhaíochtaí neamheacnamaíocha BTEEO ERIC i gcomhréir lena chuid gníomhaíochtaí, agus lena n-aghaidh sin amháin. Beidh díolúintí CBL teoranta do cheannacháin ar mó a luach ná EUR 300.

2. Díolúintí ó dhleacht mháil a bhunaítear ar Airteagal 11 de Threoir (AE) 2020/262 ón gComhairle, beidh siad teoranta do cheannacháin a dhéanfaidh BTEEO ERIC atá le húsáid go hoifigiúil agus go heisiach ag BTEEO ERIC, ar choinníoll go ndéanfar ceannachán den sórt sin le haghaidh ghníomhaíochtaí neamheacnamaíocha BTEEO ERIC i gcomhréir lena chuid gníomhaíochtaí, agus lena n-aghaidh sin amháin, agus gur mó luach an cheannacháin ná EUR 300.

3. Ní chumhdófar leis na díolúintí ceannacháin a dhéanfaidh baill foirne.

CAIBIDIL 6

## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 24*

### Beartas Sonraí

1. Cuirfidh BTEEO ERIC prionsabail na Foinse Oscailte, na Rochtana Oscailte agus FAIR (In-Aimsitheacht, Inrochtaineacht, Idir-Inoibritheacht agus In-Athúsáidteacht) chun cinn.

2. Maidir le taighde a dhéantar agus úsáid á baint as ábhar a chuirtear ar fáil trí BTEEO ERIC, soláthróidh BTEEO ERIC treoraíocht d'Úsáideoirí chun a áirithiú go ndéanfar an taighde sin laistigh de chreat lena n-aithnítear cearta úinéirí sonraí agus príobháideachas daoine aonair.

3. Áiritheoidh BTEEO ERIC go n-aontóidh úsáideoirí leis na téarmaí agus na coinníollacha lena rialaítear rochtain agus go bhfuil socruithe slándála oiriúnacha i bhfeidhm maidir le stóráil agus láimhseáil sonraí.

4. Áiritheoidh BTEEO ERIC go dtabharfar aitheantas do sholáthraithe sonraí, d'údair sonraí agus do lógó BTEEO ERIC ar bhealach iomchuí.

*Airteagal 25*

**Teanga Oibre**

Is é an Béarla teanga oibre BTEEO ERIC.

*Airteagal 26*

**Tuairisciú don Choimisiún Eorpach agus don phobal**

1. Cuirfidh BTEEO ERIC tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí ar fáil, ina mbeidh gnéithe eolaíocha, oibríochtúla agus airgeadais dá chuid gníomhaíochtaí go háirithe. Déanfaidh an Comhthionól Ginearálta an tuarascáil a fhormheas agus tarchuirfear í chuig an gCoimisiún Eorpach agus chuig na húdaráis phoiblí ábhartha laistigh de 6 mhí ó dheireadh na bliana airgeadais comhfhreagraí. Cuirfear an tuarascáil sin ar fáil go poiblí.

2. Cuirfidh BTEEO ERIC an Coimisiún Eorpach ar an eolas faoi aon imthosca a d'fhéadfadh cur i gcrích chúraimí BTEEO ERIC a chur i mbaol go mór nó bac a chur ar BTEEO ERIC na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 723/2009 a chomhlíonadh.

*Airteagal 27*

**An Dlí is Infheidhme**

Rialófar feidhmiú inmheánach BTEEO ERIC leis na nithe seo a leanas:

(a) dlí an Aontais, go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 723/2009 agus na cinntí dá dtagraítear in Airteagal 6(1)(a) agus in Airteagal 11(1) den Rialachán.

(b) dlí an stáit ina bhfuil oifig chláraithe BTEEO ERIC i gcás nithe nach rialaítear le gníomhartha dá dtagraítear i bpointe (a) nó nach rialaítear ach go páirteach leo.

(c) leis na Reachtanna seo agus lena rialacha nós imeachta.

*Airteagal 28*

**Díospóidí**

1. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le dlíthíocht i measc na gcomhaltaí i ndáil le BTEEO ERIC, idir na comhaltaí agus BTEEO ERIC agus maidir le haon dlíthíocht ina bhfuil an tAontas ina pháirtí.

2. Beidh feidhm ag reachtaíocht an Aontais i ndáil le dlínse maidir leis na díospóidí idir BTEEO ERIC agus tríú páirtithe. I gcásanna nach gcumhdaítear le reachtaíocht an Aontais, is faoi dhlí an Stáit ina bhfuil oifig chláraithe BTEEO ERIC a chinnfear an dlínse inniúil chun na díospóidí sin a réiteach.

*Airteagal 29*

**Nuashonruithe agus infhaighteacht reachtanna**

1. Coinneofar na Reachtanna cothrom le dáta agus beidh siad ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin BTEEO ERIC agus ag an oifig chláraithe.

2. Déanfar aon leasú ar na Reachtanna a léiriú go soiléir le nóta ina sonrófar an mbaineann an leasú le gné fhíorriachtanach nó neamhriachtanach de na Reachtanna i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 723/2009, agus an nós imeachta a leanadh lena ghlacadh.

*IARSCRÍBHINN I*

**LIOSTA DE CHOMHALTAÍ, DE BHREATHNÓIRÍ BUANA, DE BHREATHNÓIRÍ AGUS DÁ nEINTITIS A bhFUIL IONADAÍOCHT Á DÉANAMH ACU**

| Comhaltaí | Eintiteas a bhfuil ionadaíocht á déanamh aige |
|---|---|
| Poblacht na Fraince | An Aireacht Ardoideachais agus Taighde |
| Poblacht na hIodáile | An Chomhairle Taighde Náisiúnta |
| Ríocht na hÍsiltíre | Gníomhaireacht Oidhreachta Cultúrtha na hÍsiltíre |
| Ríocht na Spáinne | An Aireacht Eolaíochta, Nuálaíochta agus Ollscoileanna |
| Poblacht na Cipire | An Leas-Aireacht Taighde, Nuálaíochta agus Beartais Dhigitigh |
| An Ungáir | An Oifig Náisiúnta Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta |
| Poblacht Mhálta | An Aireacht um an Oidhreacht Náisiúnta, um na hEalaíona agus um an Rialtas Áitiúil |
| Poblacht na Polainne | An Aireacht Eolaíochta agus Ardoideachais |
| Poblacht na Slóivéine | An Aireacht Ardoideachais, Eolaíochta agus Nuálaíochta |
| Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann | An Roinn Eolaíochta, Nuálaíochta agus Teicneolaíochta |
| An Rómáin | An Aireacht Taighde, Nuálaíochta agus Digitithe |

Aithníonn na comhaltaí go bhfuil sé ar intinn ag eagraíocht idir-rialtasach an Lárionaid Idirnáisiúnta um Staidéar ar Mhaoin Chultúrtha a Chaomhnú agus a Athchóiriú a bheith ina bhreathnóir buan.

*IARSCRÍBHINN II*

**CÚRSAÍ AIRGEADAIS**

Féach na doiciméad tacaíochta ar leithligh, ina sainítear ranníocaíochtaí airgeadais na gcomhaltaí agus na mbreathnóirí, atá ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin BTEEO ERIC.

*IARSCRÍBHINN III*

**SAINMHÍNITHE**

Sna Reachtanna seo, beidh ag na téarmaí caipitlithe seo a leanas an míniú a thugtar ina ndiaidh:

— an tArdán Rochtana: gach ceann de na ceithre ardán rochtana idirdhisciplíneacha a bhainistítear go lárnach ag a bhfuil cineálacha rochtana agus seirbhísí ar leith a sholáthraítear (ARCHLAB BTEEO, DIGILAB BTEEO, FIXLAB BTEEO, MOLAB BTEEO) do pháirtithe leasmhara éagsúla, lena n-áirítear pobal eolaíochta BTEEO, ach gan bheith teoranta dó sin,

— lipéad BTEEO: tá an tacar bunluachanna le brath i ngach gníomhaíocht de chuid BTEEO ERIC agus áirithítear iad le caighdeáin cháilíochta BTEEO ERIC, lena léirítear lipéad BTEEO ERIC i dteannta a chéile,

— Eintitis Bhunaidh: eintitis a rinne iarratas ar bhunú Cuibhreannais don Bhonneagar Taighde Eorpach agus a aithnítear mar chomhaltaí, mar bhreathnóirí buana nó mar bhreathnóirí sa Chinneadh ón gCoimisiún maidir le ERIC a bhunú, roimh chruinniú bunreachtúil an Chomhthionóil Ghinearálta.

— An Eolaíocht Oidhreachta: réimse idirdhisciplíneach an staidéir eolaíoch ar an oidhreacht. Tarraingíonn an Eolaíocht Oidhreachta ar na daonnachtaí, na heolaíochtaí agus na disciplíní innealtóireachta éagsúla. Díríonn sí ar thuiscint, cúram agus úsáid inbhuanaithe na hoidhreachta a fheabhsú ionas gur féidir léi saol daoine a shaibhriú, inniu agus amach anseo. Is scáth-théarma í an Eolaíocht Oidhreachta a chuimsíonn gach cineál fiosrúcháin eolaíoch ar oibreacha daonna agus ar chomhoibreacha an dúlra agus an duine, atá luachmhar do dhaoine,

— Nód Náisiúnta: Is iad pobail eolaíochta gach Tíre a bhfuil baint acu le BTEEO atá sa Nód Náisiúnta, a bhfuil a Chomhordaitheoir Náisiúnta féin aige,

— Taighde Poiblí: taighde lena ngabhann torthaí (go háirithe foilseacháin) a bhíonn ar fáil go poiblí,

— Taighde Dílseánaigh: sainmhínítear gurb é atá ann taighde ar lena aghaidh a iarrann Úsáideoirí rúndacht an togra, na sonraí agus na dtorthaí ar feadh tréimhse áirithe.

— Úsáideoirí: Daoine aonair, foirne agus institiúidí ón saol acadúil, gnólachtaí, an tionscal agus seirbhísí poiblí a úsáideann saoráidí, acmhainní agus seirbhísí bonneagair taighde chun taighde a dhéanamh trí pháirt a ghlacadh i gceapadh nó i gcruthú eolais, táirgí, próiseas, modhanna agus córas nua agus chun an nuálaíocht a chothú ina réimsí.